C/2024/6772

5.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11769 – VMAG / NOA)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6772)

1. An 23 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Van Mossel Automotive International B.V. ('VMAG'), an Ísiltír,

— Nord-Ostsee Automobile SE & CO. KG ('NOA'), an Ghearmáin.

Gheobhaidh VMAG rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar NOA ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá VMAG gníomhach i ndíol gluaisteán paisinéirí nua agus úsáidte agus feithiclí tráchtála éadroma nua agus úsáidte de bhrandaí éagsúla trí shuíomhanna díolacháin san Ísiltír, sa Bheilg, sa Fhrainc, i Lucsamburg, sa Ghearmáin, sa Ríocht Aontaithe agus sa Danmhairg. Tá siopaí deisiúcháin damáiste ag VMAG freisin ar fud na Beilge agus na hÍsiltíre. Ina theannta sin, cuireann VMAG seirbhísí gaolmhara ar fáil (amhail carranna ar cíos, léasú airgeadais agus léasú oibriúcháin) agus tá sé i láthair ar an margadh iardhíola chun páirteanna agus gabhálais de threalamh bunaidh a dhíol.

— Tá NOA gníomhach i ndíol gluaisteán paisinéirí nua agus úsáidte agus feithiclí tráchtála éadroma nua. Cuireann NOA oibreacha cothabhála agus deisiúcháin ar fáil freisin le haghaidh gluaisteáin phaisinéirí agus le haghaidh trucailí. Ina theannta sin, cuireann NOA seirbhísí gaolmhara ar fáil (amhail carranna ar cíos) agus tá sé i láthair ar an margadh iardhíola chun páirteanna agus gabhálais de threalamh bunaidh a dhíol.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11769 – VMAG / NOA

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË